- Scríobh chuig: An Bainisteoir Feidhmiúcháin, An Roinn Boithre agus Tráchta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8;
- Cuir r-phost chuig: observations@dublincity.ie

Cuirfear na tuairimí a fuarthas roimh 4.30pm, Dé Luain 3 Deireadh Fómhair 2011 san áireamh sa tuarascáil agus freagra ar an gcomhairliúchán poiblí.

CAD É A THARLÓIDH INA DHIAIDH SIN?

Is mór an chabhair iad do chuid tuairimí agus muid ag iarraidh na nithe a bhfuil tú buartha fúthu a thuiscint agus nithe a aimsiú nár smaoiníomar cheana orthu. Úsáidfimid an t-aiseolas sin chun cinntí níos fearr agus níos feasaí a dhéanamh.

Ullmhófar tuarascáil ina ndéanfar cur síos ar na ceisteanna agus ar na tuairimí a fuarthas le linn thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí agus tabharfar freagraí orthu. Cuirfear gach aiseolas san áireamh, agus cinntí á ndéanamh, ach cloífidh na pleananna leis na ceanglais airgeadais, dlí, sábháilteachta agus teicniúla.

Nuair a bheidh cinneadh déanta, cuirfimid é sin in iúl d'aon duine a rinne aighneacht agus a thug a s(h)onraí teagmhála le linn an chomhairliúcháin. Beidh an toradh foilsithe freisin ar an leathanach gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath luaite thuas.

CAD É ATÁ LE RÁ AGAM!

Comhlánaigh an ceistneoir seo le do thoil agus inis dúinn cad é do thuairim faoi na moltaí.

Ainm _____

Seoladh _____

_____

_____

_____

Cad é mar a chuirfeá síos ort féin?
Cuir tic de réir mar is iomchuí;

- Cónaitheoir sa cheantar ☐
- Trádálaí / gnó ☐
- Gluaisteánaí ☐
- Úsáideoir bus ☐
- Rothaí ☐
- Coisí ☐

Má tá aon tuairimí le nochtadh agat féin ar an scéim atá molta, scríobh isteach iad sa spás atá curtha ar fáil thíos le do thoil:

_____

_____

_____

_____

_____

_____

BILEOG EOLAIS

FEABHSUITHE MHÓRLÁNA BUS BHAILE PHIB

BÓTHAR BHAILE PHIB AGUS
BÓTHAR NA RADHARC

Dublin City
Baile Átha Cliath

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

RÉAMHRÁ

Faoi láthair tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ag lorg tuairimí ón bpobal ar mholtaí go ndéanfar feabhsúcháin ar Mhórlána Bus Bhaile Phib ar Bhóthar Bhaile Phib agus ar Bhóthar na Radharc, Baile Átha Cliath 7.

CEN FÁTH A BHFUIL SIN Á DHÉANAMH?

Faoi láthair, cuirtear moill i rith an lae ar bhusanna ar Bhóthar Bhaile Phib agus ar Bhóthar na Radharc agus iad ag dul ó lár na cathrach i dtreo Ghlas Naíon. Bíonn an mhoill sin ann mar gheall ar an bplódú tráchta agus de bhrí nach dtugtar tosaíocht do bhusanna ann. Is féidir an cheist seo a réiteach trí lána bus agus rothar nua ó thuaidh a thabhairt isteach.

CAD É ATÁ I GCEIST SA SCÉIM?

Tá sé beartaithe go mbeidh lána bus agus rothar nua ó thuaidh ar Bhóthar Bhaile Phib agus ar Bhóthar na Radharc idir an t-acomhal leis an gCuarbhóthar Thuaidh agus Bóthar Whitworth agus go mbeidh an chuid den lána bus a mholtar ar an lána láir de Bhóthar na Radharc ag druidim leis an acomhal le Bealach na Radharc.

CÉN TORADH A BHEIDH LEIS?

- **Do BHUSANNA:** leis an lána bus nua, déanfar amanna na dturas a ghiorrú agus iontaofacht amanna na dturas bus a fheabhsú.
- **Do ROTHAITHE:** scaradh níos suntasaí ón trácht ghinearálta le linn uaireanta feidhme.
- **Do CHOISITHE:** cuirfear feabhas ar shábháilteacht coisithe le huasghrádú, ar áiseanna ag stadanna bus.

CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN SCÉIM FAOI LÁTHAIR?

Tá coincheap deartha na scéime ag céim pleanála faoi láthair agus mar sin níl cinneadh deiridh déanta go fóill go rachfar ar aghaidh leis an scéim. Cuirfear fáilte roimh mholtaí maidir leis an bpróiseas deartha.



AN FÉIDIR LIOM TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL?

Is féidir, beidh léaráidí ar fáil le himscrúdú ó Dé Luain 22 Lúnasa 2011 go dtí Dé Luain 19 Meán Fómhair 2011 ag na láithreacha seo a leanas:-

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig Cheantar na Cabraí, 97 Nuabhóthar na Cabraí, Baile Átha Cliath 7 idir 10.00 agus 16.00 Luan go Déardaoin agus idir 10.00 agus12.30 Dé hAoine
- Leabharlann Bhaile Phib, Baile Átha Cliath 7, idir 12.45 -16:00 & 16:45 – 20:00 Luan & Ceádaoin agus idir 10.00 – 13.00 & 14:00 – 17:00 Máirt, Déardaoin, Aoine & Satharn
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8 idir 09.00 agus 16.30 Luan go hAoine.

Is féidir breathnú ar na moltaí freisin ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath *www.dublincity.ie/roadsandtraffic* (Cliceáil ar an nasc don Quality Bus Network).

AN FÉIDIR LIOM MO THUAIRIM AR NA MOLTAÍ A THABHAIRT?

Is féidir. Is tábhachtach linn do chuid tuairimí. Má tá tuairimí agat ar na moltaí:

- Scríobh isteach sa spás thíos iad agus cuir isteach sa bhosca tuairimí iad le do thoil ag áit a bhfuil an scéim ar taispeáint;